[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 23

Airgead Grinn

le Alison Prince

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 24

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 25

Bhíodh siopa gúnaí thíos an bealach s'againne a dtugadh siad Siopa Mháire air. Is ann a cheannaigh mé mo sciorta dearg, agus cúpla blús. Ach i ndiaidh tamaill ní raibh aon rud nua acu, ansin bhí díolachán acu a mhair go héag dar liom agus ansin druideadh é. Dúirt Daid gur breithníodh ina fhéimheach é.

Féimheach? Cad é ba chiall leis sin? Féimheach.

'Ciallaíonn sé go bhfuil tú gan phingin agus nach dtig leat do bhillí a íoc agus go bhfuil fiacha ort ar fud na háite. Tarlaíonn sé do go leor daoine,' arsa Daid.

Tá sin scáfar. 'Ní tharlóidh sé dúinn ar ndóigh?' arsa mise.

'Ar do bheo ní tharlóidh. Tá an t-ádh lenár leithéidí,' arsa Daid agus é ag gáire leis.

***

Bhí sin os cionn bliana ó shin. Is ansin a tháinig athrú ar rudaí. Níor inis sé scéalta grinn a thuilleadh, tháinig drochthiompar agus cuma bhuartha air. Agus d'éirigh Mam cineál tógálach. Chuir mé i gcuimhne di faoi m'airgead póca. 'De gheall ar Dhia, a Shorcha,' ar sise liom go feargach.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 26

Thosaigh sí féin agus Daid ag argóint. Dúirt sé gur cheannaigh sí barraíocht éadaí agus dúirt sí leis, 'Cad é faoi do threalamh spóirt, mar sin?' Bhí a ábhar sin aici. Bhí an seomra breise líonta lán agus ag cur thairis – tonnchlár, rothar aclaíochta, maidí gailf, scíonna agus acmhainn iascaireachta – gan an binse oibre agus rudaí mar phlánaí leictreacha agus sábha a bhí ag Daid ó thosaigh sé ar an *Déan Féin É*, a chur san áireamh. Ach ní raibh a fhios agam cad é chomh holc is a bhí rudaí go dtí deireadh théarma an tsamhraidh.

Ní raibh a fhios agam cá raibh muid ag dul ar saoire. Ba ghnách linn dul chun na Spáinne ach bhíodh mo chara Síle i gcónaí ag insint dom faoin oileán seo sa Ghréig a mbíodh siad air. Luaigh mé oileáin na Gréige le Mam agus Daid uair nó dhó ach dúirt siad rudaí ar nós, 'Feicfimid' nó 'Ná bí do mo chrá.' Ach ba mhian liom fios a bheith agam agus labhair mé le Mam agus í ag smúdáil agus chuir mé ceist uirthi faoi na pleananna a bhí acu.

Chuir sí grus beag uirthi féin agus thiontaigh sí thart leis an léine a bhí sí i ndiaidh a smúdáil a chrochadh suas. Is beag a thaitníonn smúdáil léi. Ansin mar a bheadh sí ag caint leis an léine, dúirt sí, 'Sílim go díreach go gcaithfimid tamall le Móraí.'

Níor thuig mé í. 'Ach feicimid Móraí go minic. Agus níl Baile an Chaistil thar sáile. Tá sé ar an taobh ó thuaidh de Chois Abhann Dalla ar an chósta, is féidir tiomáint ann ó Bhéal Feirste in uair an chloig.'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 27

Thóg Mam léine eile agus dúirt, 'Tá sé cois farraige.'

'Ach níl sé te agus níl aon chaife ann ar thaobh na sráide,' arsa mise ag argóint léi. 'Agus tá boladh mar a bheadh cadóg dheataithe air.'

'Ta dúil agatsa i gcadóg dheataithe,' arsa Mam.

'Níl anois.' Bhí dúil agam ann ach bhí fearg orm.

D'fhág Mam an t-iarann ina sheasamh ar a thóin agus lig osna aisti. 'An rud atá ann, a Shorcha, tá deacrachtaí móra airgid againn,' ar sise.

Ar an nóiméad sin, bhí sé mar a bheadh gach uile rud bun os cionn. Thuig mé anois cad chuige a raibh sí féin agus Daid chomh colgach agus a bhí siad. Ní raibh pingin rua againn.

Ní raibh a fhios agam cad é a déarfainn. Níor chuir mé muid síos riamh go raibh muid saibhir ach bhí sparán ag Mam a raibh fiche cárta plaisteach ann – agus má tá cártaí agat, tá airgead agat, nach bhfuil? Sin mar a chonaic mise é, cibé ar bith. Théadh sí féin agus mé féin chuig na siopaí gach Satharn. Ba é an rud ab fhearr linn ar fad é. 'Ceannaigh go dtí go dtitfidh tú,' ba ghnách linn a rá agus muid ag gáire linn. Mar sin de cad é a tharla dúinn?

Chonacthas dom go raibh a fhios ag Mam cad é a bhí ar m'intinn. 'Tá cártaí creidmheasa chomh furasta sin. Ach mura ndíolfaidh tú as an mhéid atá caite agat faoi dheireadh na míosa, gearrfaidh lucht na gcártaí creidmheasa cuid mhór úis ort. Mar sin de, beidh níos mó agus níos mó acu ort.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 28

Ansin déarfaidh siad leat go gcaithfidh tú íoc láithreach bonn.'

'Agus tá sin i ndiaidh tarlú dúinne, an bhfuil?'

'Bhuel, tá,' arsa Mam. 'Mar sin ní thig linn saoire a bheith againn i mbliana. Ach déanfaidh mé cúiteamh leat ann, a thaisce, geallaim duit.'

Bhí aoibh uirthi liom agus rinne mé mo dhícheall aoibh a chur ar m'aghaidh, rinne i ndáiríre. Ach cad é a bhí mé ag dul a rá le Síle agus leis na daoine eile. Bhí siadsan uile go léir ag imeacht áit éigin iontach, chun na Gréige nó chun na Fraince, agus nuair a chluinfeadh siad faoi Bhaile an Chaistil, bheadh trua acu dom agus déarfadh siad rudaí ar nós, 'Ó, a chréatúir bhoicht.' B'fhéidir nár mhaith leo a bheith i mo chuideachta níos mó. Bhí m'athair i ndiaidh gach rud a chailleadh, amhail siopa gúnaí Mháire. Bhí teipthe orainn.

D'imigh mé liom de rúid as an seomra agus suas an staighre liom. Bhí na deora liom faoin am a bhain mé an barr amach, agus ar dhóigh éigin druideadh doras mo sheomra leapa de phlab i mo dhiaidh. Shílfeadh Mam gur plabadh a rinne mé air, cé nach raibh mé ag iarraidh sin a dhéanamh, agus rinne sin an scéal níos measa arís.

***

Seachtain ina dhiaidh sin, bhí mé i mBaile an Chaistil le Móraí. Cónaíonn sí san árasán ag barr seantí mhóir a bhfuil radharc maith uaidh ar an fharraige. D'fhan Daid agus Mam ann ar feadh

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 29

dheireadh na seachtaine, ansin, thiomáin siad ar ais go Béal Feirste. 'Táimid iontach gnóthach ag ár gcuid oibre,' arsa Daid.

Reáchtálann sé comhlacht tacsaí. Thosaigh sé le carr amháin, a thiomáin sé féin, ach tá trí charr is fiche anois aige agus fanann sé san oifig ag tógáil orduithe agus á dtabhairt do Bhean Uí Chatháin lena gcur amach ar na raidiónna cairr. Shíl mé féin i gcónaí gur shaothraigh sé lab airgid.

Oibríonn Mam do ghníomhaire eastáit, ag tabhairt daoine thart chuig tithe a mbeadh suim acu iad a cheannach agus bhí an leithscéal céanna aicise. 'Am gnóthach den bhliain an samhradh.' Cheannaigh sí carr úr anuraidh mar go raibh na cliaint ag dúil le haistear sócúlach. Caithfidh sé go raibh sé an-chostasach.

Níor luaigh sí féin ná Daid deacrachtaí airgid agus iad i dteach Mhóraí – ní os mo choinnese cibé scéal é. Ach maidin Dé Domhnaigh, d'iarr Móraí orm páipéar agus roinnt trátaí don lón a fháil ón siopa coirnéil di. Nuair a d'fhill mé bhí bean as thíos staighre ag teacht amach an doras tosaigh lena madadh agus lig sí isteach mé agus, mar sin, ní raibh orm an dordánaí a bhrú d'árasán Mhóraí. Thóg mé an staighre agus, nuair a tháinig mé a fhad leis an doras s'againne, bhí glór Dhaid le cluinstin agam. Bhí colg ina ghlór.

'Níl an dara rogha againn,' ar seisean. 'Ní féidir linn coinneáil ag dul. Níl tusa beo sa saol dáiríre, a Mham. Ní thuigeann tú an costas atá ar- '

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 30

Níor mhian liom a thuilleadh a chluinstin agus bhuail mé an cloigín. Bhí aoibh an gháire ar gach duine nuair a tháinig mé isteach agus thóg Daid an páipéar agus chuaigh sé isteach sa seomra eile. Réitigh Mam an bord agus rinne mé féin agus Móraí sliseanna de na trátaí don sailéad le dul leis an – tomhais - chadóg dheataithe.

***

Thug Mam roinnt airgid dom tráthnóna Dé Domhnaigh. Ní raibh mé ag iarraidh é a ghlacadh ach dhruid sí mo mhéara thart ar an rollóg nótaí agus dúirt, 'Glac é. Is é an rud is lú é a thig liom a dhéanamh.'

Bhí Daid amuigh ag cur rudaí sa charr.

'A Mham, ní chaithfidh tú. Bhí mise ag cur m'airgead póca i dtaisce. Tá mise ceart go leor.' Beagnach seacht bpunt a bhí agam.

'Mothaím go dona faoi do shaoire,' arsa Mam. 'Ar a laghad, tig leat rud éigin deas a cheannach duit féin. Agus ná bí buartha - níl ann ach airgead grinn.' Sin an t-ainm a bhí aici air nuair a chuaigh muid chuig na siopaí.

Chuntais mé na nótaí i ndiaidh di féin agus do Dhaid imeacht. Bhí sí i ndiaidh £50 a thabhairt dom.

***

Lá nó dhó ina dhiaidh sin, chuaigh mé féin agus Móraí chun an Bhaile Mheánaigh ar thuras siopadóireachta. Ní hionann í agus Mam, níl suim

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 31

ag Móraí sa tsiopadóireacht. Níor thóg sí aon rud suas ná níor choinnigh sí é lena taobh go bhfeiceadh sí ar fhóir sé di. Ní dhearna sí ach cineál amharc thart uirthi féin ar shlí nach raibh sa stóras mór ach radharc deas.

'Nach bhfuil aon rud anseo atá tú a iarraidh?' arsa mise ag fiafraí di.

'Níl, i ndáiríre', arsa Móraí.

'Ach b'fhéidir go bhfaighfeá rud éigin thar an choiteann,' arsa mé léi. 'Rud éigin a bhí tú i gcónaí a iarraidh ach nach raibh a fhios agat.'

Bhí aoibh an gháire uirthi liom agus dúirt sí, 'Is cuimhin liom féin a bheith ag mothú mar sin. A leithéid de dheann a chuireann sé tríd an chroí ag tabhairt rud úr abhaile.' Lean sí uirthi ansin, 'Ach ní fhanann rudaí úra úr ar feadh i bhfad, an bhfanann? I ndiaidh cúpla lá is cuid de do stuif eile iad. Mar sin, caithfidh tú dul ag siopadóireacht arís.'

'Ní hé go gcaithfidh tú,' arsa mise, 'ach go díreach gur mhaith leat ar an ábhar go bhfuil spórt i gceist.'

'Is féidir leis éirí ina nós, mar sin féin. Mura dtéann tú ag siopadóireacht, mothaíonn tú go bhfuil tú ag cailleadh rud éigin.'

'Ach seans go gcaillfeá rud éigin,' arsa mise. 'Thiocfadh dó go mbeadh an sár-rud ina shuí ansin ag fanacht leatsa teacht air.'

'Is é,' arsa Móraí, 'anois tá sin fíor ach ní trí shiopadóireacht i gcónaí a fhaigheann tú é.'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 32

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 33

Bhí mé ar tí fiafraí cad é a bhí ar intinn aici, ach mhol sí go mbeadh cupán tae againn agus, mar sin, chuaigh muid isteach i gcaife. D'ól mise caoineog mangó agus banana. Ba mhian liom íoc as ach dúirt Móraí gur le cineál a dhéanamh orm a bhí sí féin ag íoc as.

'An dtig linn tuilleadh siopadóireachta a dhéanamh?' arsa mise ag fiafraí di. Shíl mé go mbeadh Móraí tinn tuirseach de ach dúirt sí, 'Tig, ar ndóigh.'

Thosaigh mé ag tiontú na lipéad praghais a bhí ar na rudaí go bhfeicfinn an costas a bhí orthu. Bhí an chuma ar bhunús na n-éadaí go raibh siad an–chostasach. Nuair a rachainn féin agus Mam ag siopadóireacht ní bhíodh a fhios agam fiú cá mhéad airgid a bhí caite againn. Mar a dúirt sí, bhí an t-iomlán léir chomh furasta sin.

Stad mé le hamharc ar ghúna gairid a d'fhéadfá a chaitheamh le bríste nó leis féin. Bhí seacainí bándearga timpeall an mhuiníl air agus bhí mo chroí istigh ann. Ach bhí sé £65. Fiú le m'airgead póca a bhí sábháilte agam agus £50 Mhaime leis, ní raibh go leor agam.

Tháinig mé ar ais ón turas siopadóireachta sin gan a dhath úr ar chor ar bith ach peann a raibh cleite glas ina cheann agus cárta poist a raibh báid i mBaile an Chaistil sna seanlaethanta air, le cur chuig Mam. Agus is ar m'airgead póca a cheannaigh mé iad sin.

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 34

Bhí brionglóid aisteach agam an oíche sin. Bhí Mam agus Daid agus mé féin inár gcónaí i gcrann, i mbascaed de chineál. Is dócha gur nead a bhí ann i ndáiríre ach nár léir dom sin. Bhí giotaí den nead ag roiseadh a d'fhág poill agus bearnaí, agus bhí greim docht agam ar Mham nó mheas mé go raibh muid chun titim amach.

***

In am bricfeasta, arsa mise le Móraí, 'A Mhóraí an raibh tú riamh briste agus gan phingin?'

Mhothaigh mé m'aghaidh ag éirí dearg mar gur bhain sé le Mam agus Daid agus nár mhaith leo mé a bheith ag trácht air ach ní fhacthas dom go raibh Móraí buartha. Le fírinne, rinne sí gáire.

'Ó, bhí,' ar sise. 'Ní raibh aon mhaith ionamsa riamh ag saothrú airgid. D'fhan mé sa bhaile ag mo pháistí agus iad beag, ansin rinne mé múinteoireacht pháirtaimseartha ach ní fhéadfá gairm a thabhairt uirthi. Chum d'athair mór ceol. Seineann daoine a chuid ceoil go fóill ach ní dhearna sé a shaibhreas air.

'Ach cad é mar a mhair sibh?' arsa mise. 'Caithfidh sé go raibh sé uafásach olc.'

'Ní raibh,' arsa Móraí. 'Bhí sé doiligh ar uairibh ach ní raibh sé millteanach olc. Bhí d'athair mór chomh tógtha sin leis an cheol go mbíodh a laethanta i gcónaí spéisiúil. Agus de thairbhe go raibh mise sa bhaile ag na páistí, bhí go leor rudaí a d'fhéadfainn a dhéanamh le gearradh siar ar an mhéid airgid a bhí de dhíth orainn.'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 35

'Cén sórt rudaí?'

'D'fhás mé cuid mhór den bhia – bhí dúil riamh agam sa gharraíodóireacht agus níor cheannaigh mé riamh béilí réamhdhéanta ná stuif reoite – sin an bealach is costasaí le maireachtáil. Má bhíonn an t-am agat le cócaireacht a dhéanamh, tig leat súnna, stobhach agus miasa pasta a dhéanamh réidh nach gcosnaíonn mórán ar chor ar bith. I gcás ar bith,' arsa Móraí ag leanúint uirthi, 'cad é a dheánfaimid inniu? Ar mhaith leat dul síos chun na trá?'

'Ní miste liom,' arsa mise, cé nach raibh a fhonn orm i ndáiríre. Ní fhéadfainn Móraí a fheiceáil ag déanamh caisleán sa ghaineamh nó ag déanamh cuideachta liom le friosbaí.

'Tá tú ábalta dul ar rothar nach bhfuil?' ar sise.

'Tá – ach tá sé sa bhaile agam.'

'Tá mo cheannnsa sa tseid thíos staighre,' arsa Móraí 'agus gheobhaimid ceann ar cíos duitse. Ní chosnóidh sé mórán. Ansin tig linn imeacht agus áiteanna a fheiceáil.'

Caithfidh sí a bheith sean go leor ach chuirfeadh sé iontas ort chomh haclaí agus atá sí. D'imigh muid linn suas an cósta ar na rothair agus níorbh fhada ó d'fhág muid an príomhbhóthar gur tháinig muid chuig áit ina raibh tithe ina seasamh go hard ar bhinn a bhí ann. Meascán de ghaineamh agus de chlocha a bhí sa trá.

'Tá sé maith anseo,' arsa Móraí. 'Tá uaimheanna sa bhinn agus tig linn dul ar foscadh iontu má

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 36

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 37

chuireann sé. Seo linn go bhfeicfimid roinnt de na locháin charraige.'

D'athraigh an lá sin gach uile rud.

Bhí na locháin an-domhain agus nuair a chrom tú síos le hamharc isteach iontu bhí sé mar a bheadh saol eile ann. Bhí bundúin leice bheaga, dhúdhearga ag fás ar thaobhanna na gcarraigeacha ag cur amach a ngalaban i ndúil is go bhfaigheadh siad rud éigin le hithe. Dá mbainfeá dóibh le giota feamainne, d'fhillfeadh siad isteach iontu féin go gasta. Chonaic mé ceann acu ag breith ar ribe róibéis beag, trédhearcach agus bhí sé uafásach ar dhóigh ag amharc air á shlogadh ach san am céanna bhí sé go hiontach ag an bhundún leice. Bhí portáin bheaga ag deifriú leo ar lorg a dtaoibh ar ghrinneall gainmheach na lochán agus faochain ghliomaigh a bhí i roinnt acu a chónaigh i sliogáin faochan.

'Inseoidh mé seo duit,' arsa Móraí, 'thiocfadh linn uisceadán a dhéanamh sa bhaile dá mba mhaith leat. Muirdhomhan beag bídeach.'

Mar sin de, d'imigh muid linn an chéad lá eile le soithí plaisteacha agus eangach – tá ciseán chun tosaigh ar a rothar ag Móraí agus málaí painnéir inár féidir léi cuid mhór a iompar. Nuair a labhair sí ar uisceadán shíl mé gur tanc ceart éisc a bhí i gceist aici le gléas a dhéanann boilgeoga aeir agus gach uile rud ach thug sí seanphanna mór dom a bhí aici le subh milis a dhéanamh. Rinne muid cinnte de go bhfuair muid gioradáin le rudaí a choinneáil glan

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 38

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 39

agus feamainn a bhí fréamhaithe i gclocha agus giota de chloch a raibh bundúin leice ag fás uirthi agus rug mise ar ribí róibéis agus ar phortáin go leor agus ar chúpla mioniasc.

'Beidh orainn sáile úr a thabhairt dóibh go measartha minic,' arsa Móraí, agus mar sin de d'imigh muid chun na trá gach uile lá agus d'fhill muid le buidéil phlaisteacha lán d'uisce agus cuid den am le roinnt créatúr úr le cur sa mhuirdhomhan a bhí againn. Chuaigh muid isteach in uaimheanna fosta agus bhí faoileáin i neadacha ar fhargáin arda i gcuid acu. Agus tháinig muid ar áit ina raibh dobharchú ina chónaí. Bhí sé míshlachtmhar agus é ag ithe– bhí cnámha éisc ar fud na háite. Ba mhór liom é a fheiceáil ach níor nocht sé.

Ar an lá deireanach sular fhill mé ar an bhaile, thóg muid linn na créatúir uile go léir ón uisceadán ar ais chun na trá i soithí plaisteacha sáile, agus d'fhág ar ais ina locháin charraige iad.

'Ba mhian liom a bheith cois farraige i rith an ama,' arsa mise an tráthnóna sin. 'Caithfidh sé go bhfuil go leor rudaí eile le fáil.'

'M'm,' arsa Móraí go machnamhach. 'Nuair a bheidh tú mór tig leat a bheith i do bhitheolaí muirí. Sin duine a dhéanann staidéar ar an fharraige agus ar na rudaí uile go léir a chónaíonn inti. D'fhoghlaimeofá tumadóireacht domhainfharraige fosta. Bheadh sé sin fíorchorraitheach.'

'Dar fia! An síleann tú go dtiocfadh liom?'

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 40

'Cad chuige nach dtiocfadh?' arsa Móraí. 'Seo an t-am ceart le tosú. Déan do chuid oibre ar scoil, bí cinnte de go ndéanfaidh tú bitheolaíocht, téigh ar ollscoil agus sin tú. Ag lapadaíl san fharraige mar shlí bheatha.'

Smaoineamh aisteach a bhí ann. Níor shíl mé riamh go raibh baint ag scoil le haislingí a d'fhéadfainn a bheith agam. Bhí mé ag dréim i gcónaí leis an lá a bheinn imithe ón scoil agus ag caitheamh airgid – ach bhí cuma eile ag teacht ar an scéal anois. Stán mé ar Mhóraí agus bhí smaointe ag rásaíocht thart i mo cheann. Bhí cuid acu beagán scáfar.

'Nach mbeidh sé ródheacair?' arsa mise. 'B'fhéidir nach bhfuil mé cliste go leor.'

'Nach cinnte go bhfuil,' arsa Móraí. 'Níl ann ach obair. Agus tá obair ar rud chomh maith agus atá ar an saol má bhaineann tú sult as.'

***

Nuair a bhain mé an baile amach, tháinig bean chun an tí a raibh mála cáipéisí ar iompar aici agus bhí caint fhada aici le Mam agus Daid. Bhí mise sa chistin ag léamh leabhair faoi shaol na mara a fuair mé ón leabharlann agus níor chuala mé cad é a chuaigh ar aghaidh ach nuair a d'imigh sí dúirt Mam go raibh cuma níos fearr ag teacht ar rudaí.

'Cad é faoi lucht na gcártaí creidmheasa?' arsa mise.

'Tá socrú déanta againn,' ar sise. 'Íocfaimid méid

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 41

áirithe leo gach mí. Táimid chun eagar ceart a chur ar rudaí.' Bhí cuma ar Dhaid go raibh faoiseamh faighte aige. 'Tig linn an teach a choinneáil ar a laghad,' ar seisean.

Agus scanraigh sin mise – ní raibh a fhios agam go dtiocfadh linn críochnú sa deireadh gan teach cónaithe a bheith againn.

An lá dár gcionn, chuir muid an trealamh spóirt agus na racaí éadaí sa gharáiste, rud a d'fhág an seomra breise folamh. 'Cóireoimid é agus ligfimid amach ar cíos le mac léinn é,' arsa Mam.

Bhí Díolachán Cófra Cairr againn gach Satharn ar feadh seachtainí ina dhiaidh sin. Choinnigh Daid an binse agus an chuid is mó de na huirlisí mar sin féin. Deir sé go bhfuil sé níos saoire dó féin cóiriú agus maisiú a dhéanamh ar a theach féin – ní raibh ann ach go raibh nós aige duine éigin a dhíol ar son na hoibre mar go raibh sé níos fusa.

Tá carr Mhaime againn go fóill ach dhíol Daid a charr féin. Cónaímid cóngarach go leor dá oifig tacsaí agus, mar sin de, beidh sé ag dul ann ar a rothar gach lá. Chuimil sé a bhos lena bholg fosta agus dúirt, 'Caillfidh mé giota meáchain fosta. Ní bheidh sin go holc.' Bhí an rothar aclaíochta díolta againn – dúirt Daid go raibh sé amaideach a bheith ag marcaíocht ar rothar bréagach i seomra leapa nuair a d'fhéadfá dul ar fhíorcheann fíor chuig do chuid oibre.

Chuir mé fógra sa siopa peataí ag rá go dtabharfainn madaidh amach ar siúlóidí. Tugaim

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 42

[998] Ceist an Airgid:On the Money 21/11/08 10:20 Page 43

dhá Labradór amach gach lá i ndiaidh am scoile agus púdal maidin Shathairn. Tá mé ag cur an airgid i dtaisce le tanc éisc a cheannach.

Thug mé an £50 ar ais do Mham. Ní raibh sí á iarraidh ach dhruid mé a méara thart ar rollóg nótaí mar a rinne sí féin nuair a thug sí dom é, agus dúirt, 'Glac é. Níl feidhm agamsa leis.'

Bhí an chuma uirthi go raibh sí ag dul a chaoineadh ach arsa mise léi,

'Ná bí buartha faoi, a Mham. Mar a dúirt tú féin, ní raibh ann ach airgead grinn.'

Níl mé cinnte an bhfuil greann ag baint le hairgead in am ar bith ach bhain sé gáire as Mam. Mar sin, bhí sin ceart go leor.